Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15989/23**

**AGRI 744**
**AGRILEG 310**
**AGRIFIN 145**
**AGRISTR 66**
**AGRIORG 138**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | CST/An Chomhairle |
| Ábhar: | Breithniú ar an gcéad bhliain de chur chun feidhme Phleananna Straitéiseacha CBT<br>*- Faisnéis ón Uachtaránacht* |

Mar ullmhúchán don Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 10 agus an 11 Nollaig 2023, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, nóta ón Uachtaránacht maidir leis an gcéad bhliain de chur chun feidhme an CBT nua.

**IARSCRÍBHINN**

**Breithniú ar an gcéad bhliain de chur chun feidhme Phleananna Straitéiseacha CBT**

In 2021, tar éis níos mó ná 3 bliana de chaibidlíocht, tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú bunaithe ar an togra a thíolaic an Coimisiún chun CBT a athchóiriú, trí Rialachán 2021/2115 go príomha.

Le linn 2022, scrúdaigh an Coimisiún na tograí le haghaidh Pleananna Straitéiseacha a thíolaic na Ballstáit, rinneadh modhnuithe orthu, agus formheasadh iad ar deireadh lena gcur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2023.

Tá deireadh ag teacht leis an mbliain 2023 agus is iomchuí machnamh a dhéanamh ar an athchóiriú atá curtha chun feidhme againn, ar an taithí a fuarthas ón gcéad bhliain seo den chur chun feidhme, agus ar a bhfuil i ndán dúinn sa bhliain atá le teacht agus ina diaidh sin.

Bhí deacrachtaí áirithe i gceist leis an gcur chun feidhme. Ar an gcéad dul síos, bhí deacrachtaí ann ar dual iad d'athchóiriú lena mbaineann nuálaíochtaí móra nach raibh mórán ama ann chun iad a thrasuí sa reachtaíocht náisiúnta agus iad a scaipeadh i measc na dtairbhithe a d'fhéadfadh a bheith ann. Ach anuas ar na himthosca sin a cuireadh san áireamh cheana féin, bhí staid chasta an mhargaidh, ina raibh praghsanna arda ionchuir, luaineacht agus éiginnteacht ard i dtaobh praghsanna díolacháin, agus cúinsí deacra meitéareolaíochta, go háirithe triomach a leathnaigh thar chuid mhór den Aontas, chomh maith le deacrachtaí eile. Ar deireadh, de dheasca staid an bhoilscithe san Aontas, rinneadh creimeadh iarbhír ar an tacaíocht ioncaim a sholáthraítear le cabhracha díreacha CBT.

Fuaireamar tuarascáil ón gCoimisiún le déanaí (a foilsíodh an 24 Samhain 2023) ina léirítear an chaoi a rannchuidíonn na pleananna formheasta leis na cuspóirí sonracha a shaothraítear le CBT a bhaint amach agus ina dtugtar le fios gur céim mhór chun cinn iad, nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, ó thaobh uaillmhian chomhshaoil an bheartais sin de. Luaitear gnéithe áirithe sa tuarascáil freisin ar cheart faireachán cúramach a dhéanamh orthu chun iad a fheabhsú le linn an chur chun feidhme. Déantar machnamh sa tuarascáil freisin ar an gcaoi nach bhféadfaidh CBT a bheith ar an aon ionstraim lena bhfreagraítear riachtanais éagsúla agus ar an gcaoi nach mór leas a bhaint as foinsí eile cistiúcháin.

Ina theannta sin, ag deireadh Uachtaránacht na Sualainne agus le linn na tréimhse 6 mhí seo d'Uachtaránacht na Spáinne, bhíomar in ann tuairimí a mhalartú maidir leis an gcur chun feidhme sa chéad bhliain seo. Go deimhin, ag an gcruinniú a thionóil an Coimisiún i mí Mheán Fómhair agus ina dhiaidh sin ag an gcruinniú a bhí ag CST an 14 Samhain, chonacthas an chaoi a bhfuil an méid a beartaíodh á chur chun feidhme, cé go bhfuil deacrachtaí áirithe i gceist leis an gcur chun feidhme sin. Is fearr a fheictear dúinn, dá bhrí sin, agus úsáid á baint as cistí CBT, go bhfuiltear ag freastal ar na riachtanais a raibh sé i gceist go bhfreagródh na pleananna orthu.

Ina theannta sin, ag an gcruinniú a bhí ag CST an 9 Deireadh Fómhair, bhíomar in ann tuairimí a mhalartú maidir leis an gcaoi a bhfuil sraith coigeartuithe ag teastáil chun athchóiriú atá chomh mór sin a chur i bhfeidhm tríd na Pleananna cuimsitheacha sin chun a ráthú go mbainfear amach a chuid aidhmeanna agus chun a áirithiú gur féidir le faighteoirí mbeart tairbhe a bhaint as na hidirghabhálacha atá cláraithe. Chuir na Ballstáit in iúl don Choimisiún na hábhair a bhí ag déanamh imní dóibh maidir le castacht urghnách na taithí tosaigh a fuarthas agus na Pleananna á leasú. Thug an Coimisiún an méid sin dá aire agus tá sé ag obair ar an tsaincheist seo le roinnt míonna anuas agus tá bealaí curtha ar fáil aige le déanaí chun an próiseas sin a shimpliú.

Ar deireadh, an 29 agus an 30 Samhain, tháinig Stiúrthóirí Phleananna Straitéiseacha CBT le chéile i Maidrid agus bhí seisiún tuairimíochta acu, ní hamháin maidir leis na gnéithe sin ach maidir lena thábhachtaí atá sé meastóireacht a dhéanamh ar na Pleananna agus ar ár mbeartas freisin. Is cleachtadh ríthábhachtach í an mheastóireacht chun faisnéis a chur ar fáil do lucht ceaptha beartas, agus chun a thaispeáint do thairbhithe an méid a baineadh amach leis na hiarrachtaí a d'iarramar agus riachtanais na n-idirghabhálacha éagsúla á gceapadh againn, agus ar an gcaoi sin chun an tsochaí a chur ar an eolas faoin gcúiteamh a thugtar le CBT ar na cánacha lena maoinítear é.

Dá bhrí sin, chuir an dianmhachnamh agus an tuairimíocht a rinneadh le 6 mhí anuas ar ár gcumas an t-athchóiriú a bhreithniú: freagraíonn an t-athchóiriú na cuspóirí agus na riachtanais a sainaithníodh; ní gan dua a cuireadh na Pleananna ar bun ach tá siad ag feidhmiú agus freagróidh siad riachtanais shonracha gach Ballstáit. Athchóiriú forleathan atá san athchóiriú, a raibh athrú an-tábhachtach i gceist leis dár bhfeirmeoirí, a raibh mearbhall orthu go minic toisc an comhthéacs a bheith thar a bheith casta. Ní mór an t-athchóiriú sin a dhaingniú, ár n-iarrachtaí go léir a dhíriú ar a chur chun feidhme ceart agus ar thorthaí an athchóirithe a thomhas agus a mheas.

Tá teachtaireacht thacúil cobhsaíochta tuillte ag ár bhfeirmeoirí freisin: níor mhór dóibh dul in oiriúint d'athrú mór. Agus an t-athchóiriú déanta, tá gá le blianta cobhsaí beartais chun é a chomhdhlúthú, ionas go mbeidh na feirmeoirí in ann tuiscint níos doimhne a fháil ar na deiseanna go léir a thugann na Pleananna dóibh. Tá teachtaireacht cobhsaíochta de dhíth ar an earnáil, chomh maith le diongbháilteacht maidir le hábhar a phléigh an Chomhairle cheana féin roinnt uaireanta roimhe seo: ní féidir linn leanúint d'iarrachtaí breise a iarraidh ar ár bhfeirmeoirí mura bhfuil tacaíocht bhreise ag gabháil leo.

I bhfianaise na hanailíse thuas, ba mhaith leis an Uachtaránacht measúnú na n-airí a fháil maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:

1. An aontaíonn tú leis an measúnú seo, agus an bhfuil aon ghné ann ar mhaith leat béim a leagan uirthi, a cháiliú nó a cheartú?

2. An dóigh leat go bhfuil gnéithe eile ann ar cheart dúinn iad a chur san áireamh sa mheasúnú seo freisin?